C/2024/6019

23.10.2024

Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa

Breoslaí ísealcharbóin agus in-athnuaite: ag cur le cumas thionscal na hEorpa an earnáil eitlíochta agus an earnáil mhuirí a dhícharbónú ar mhaithe le neamhthuilleamaíocht fuinnimh na hEorpa

(tuairim féintionscnaimh)

(C/2024/6019)

Rapóirtéir: **Anastasis YIAPANIS**

Comhrapóirtéir: **Franck UHLIG**

Comhairleoirí	Mihai IVAŞCU (thar ceann an rapóirtéara, Grúpa III) Elspeth HATHAWAY (thar ceann an chomhrapóirtéara, Grúpa II)
Cinneadh ón Tionól Iomlánach	18.1.2024
Bunús dlí	Riail 52(2) de na Rialacha Nós Imeachta
An rannóg atá freagrach	An Coimisiún Comhairleach um Athruithe Tionsclaíocha (CCMI)
Dáta a glactha sa rannóg	6.6.2024
Dáta a glactha sa seisiún iomlánach	10.7.2024
Seisiún iomlánach Uimh.	589
Toradh na vótála (ar son/in aghaidh/staonadh)	198/0/4

1. Conclúidí agus moltaí

1.1. Seoladh roinnt tionscadal ar fud an Aontais a bhaineann le táirgeadh breosla inbhuanaithe agus ísealcharbóin. Mar sin féin, is ag luathchéimeanna éagsúla dá bhforbairt atá siad agus is ríléir nach ann do na dreasachtaí is gá chun go nglacfar iad. Tá ardchostais táirgthe agus éiginnteacht i gceist le hinfhaighteacht breoslaí inbhuanaithe agus iad fós ina mbacainní suntasacha ar chomhaontuithe a dhaingniú maidir lena n-úsáid fhorleathan. Dhéanfaí dochar do neamhspleáchas straitéiseach an Aontais mura mbeadh breoslaí inbhuanaithe á dtáirgeadh san Aontas.

1.2. Tá CESE á mholadh go leagfaí amach treochlár cuimsitheach chun cur le húsáid na mbreoslaí eitlíochta inbhuanaithe de réir a chéile ar mhaithe le cobhsaíocht pleanála a áirithiú le haghaidh na ngeallsealbhóirí go léir. Má táthar chun an earnáil eitlíochta a dhícharbónú i ndáiríre, beidh comhar idirnáisiúnta agus gealltanais uaillmhianacha cheangailteacha ag teastáil ó na geallsealbhóirí domhanda go léir agus ó na tíortha go léir.

1.3. Díreoidh an tionscal muirí, faoi 2030, ar chórais tiomána iontaofa, bonneagar iontaofa soláthair breosla agus teicneolaíochtaí lóistíochta iontaofa a fhorbairt agus a chur chun feidhme ar mhórscála. Is dúshlán mór fós é an bonneagar buncar atá ag teastáil a bhunú i gcalafoirt ar fud an domhain chun breoslaí malartacha a sholáthar go sábháilte do longa.

1.4. Tá CESE á chur chun suntais go bhfuil an baol ann nach leor na hacmhainní bunábhair atá ann agus na méideanna fuinnimh dhícharbónaithe atá ar fáil chun a áirithiú go ndéanfar an t-aistriú chuig monaraíocht breosla inbhuanaithe. Beidh cur chuige iomlánaíoch agus idirphlé struchtúrtha le tionscail éagsúla (tionscal na talmhaíochta, tionscal na gceimiceán, an tionscal bainistithe dramhaíola, tionscal na hathchúrsála) ag teastáil chun na slabhraí luacha bunriachtanacha a bhunú.

1.5. Aithníonn CESE go bhfuil gá le tacaíocht nithiúil ón bpobal agus le creat rialála cobhsaí chun borradh a chur faoi iomaíochas earnáil na hidrigine ar fud an domhain. Tá éiginnteachtaí fós ann maidir lena indéanta a bheidh sé saoráidí um ghabháil dhíreach ón aer a mhéadú agus maidir leis na hamchláir agus na costais a bheidh i gceist, mar aon leis na ceanglais infhaighteachta, sábháilteachta agus bonneagair a bhaineann le táirgeadh hidrigine.

1.6. Tathantaíonn CESE ar lucht ceaptha beartas an Aontais coinníollacha rialála a bhunú a chuideoidh le hinfheistíochtaí a spreagadh, mar shampla, trí dhreasachtaí feabhsaithe a chur ar fáil chun an táirgeadh a spreagadh láithreach bonn agus chun margadh nithiúil a chothú le haghaidh breoslaí ar lú a lorg carbóin. Molann sé an cánachas a ailíniú le tionchar gach breosla ar leith ar an aeráid agus tacaíonn sé le togra uile-Eorpach le haghaidh sásraí láidre dreasachta, lena n-áirítear cánachas an-íseal nó nialasach ar bhreoslaí ísealcharbóin.

1.7. Beidh infheistíochtaí suntasacha ag teastáil i mbreoslaí ísealcharbóin agus in-athnuaite agus sa bhonneagar a bhaineann leo, lena n-áirítear cistiú le haghaidh comhpháirteanna éagsúla den táirgeadh breosla, próisis cheadaithe thapa agus oiliúint d'fhostaithe. Ní thugann deontais agus fóirdheontais an Aontais tosaíocht leordhóthanach d'fhorbairt an bhonneagair táirgthe breoslaí ísealcharbóin agus in-athnuaite le haghaidh na hearnála eitlíochta agus na hearnála muirí.

1.8. Measann CESE gur maith an sásra iad conarthaí difríochtaí chun infheistíochtaí i dteicneolaíochtaí a bhfuil costas táirgthe neamhiomaíoch ag baint leo a dhreasú, rud a chabhraíonn chun praghsanna a chobhsú agus cinnteacht a thabhairt d'infheisteoirí.

1.9. Is ann do chineálacha éagsúla cúnaimh airgeadais phoiblí ach ní fhreastalaíonn siad ar riachtanais shonracha na n-earnálacha eitlíochta agus muirí. I gcás inar gá, ba cheart cineálacha nua cúnaimh airgeadais phoiblí a chur chun feidhme, lena n-áirítear cistí infheistíochta poiblí Eorpacha agus acmhainní rialtais, chun maolú ar na rioscaí a bhaineann le hinfheistíocht a dhéanamh i saoráidí táirgthe ceannródaíocha.

1.10. Is den bhunriachtanas é go ndéanfar iarrachtaí feabhsaithe ó thaobh T&F de chun na costais a bhaineann le hardteicneolaíochtaí ísealcharbóin a laghdú agus chun tráchtálú na n-ardteicneolaíochtaí sin a éascú. Sa ghearrthéarma, tá CESE ag iarraidh go mbeadh straitéis iomlánaíoch ann le haghaidh aistriú glan slabhraí luacha tionsclaíocha, lena n-ionchorprófaí comhtháthú na hidrigine, uas-scálú tháirgeadh na mbithbhreoslaí agus leathnú táirgeadh breoslaí sintéiseacha, agus go leanfaí de na comhpháirtíochtaí earnála atá ann cheana faoi chomharba an chláir Fís Eorpach.

1.11. Beidh tionscnaimh le glacadh go pras ag an tionscal eitlíochta agus ag an tionscal muirí chun rochtain ar acmhainní fuinnimh ísealcharbóin a áirithiú agus chun go mbeidh fáil ar theicneolaíochtaí tionsclaíocha a bheidh ag teacht leis na cuspóirí sin. Ní mór tacú lena n-iarrachtaí trí dhreasachtaí agus sásraí tacaíochta, agus le creat rialála comhleanúnach ar an leibhéal Eorpach agus ar an leibhéal idirnáisiúnta araon.

1.12. Tá CESE ag tathant ar an gCoimisiún Eorpach gealltanas a thabhairt go gcuirfear cistiú fadtéarmach leordhóthanach ar fáil le haghaidh T&F le haghaidh teicneolaíochtaí nua, lena n-áirítear trí chláir amhail Fís Eorpach, an Ciste don Nuálaíocht agus InvestEU. Tá CESE teann air go mbeadh coinníollacht shóisialta ag baint leis an maoiniú poiblí go léir chun a áirithiú go mbainfear úsáid fhreagrach as airgead cháiníocóirí an Aontais.

1.13. Tá CESE ag iarraidh go mbeadh feachtais feasachta agus oideachais ann ar an leibhéal réigiúnach, ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais chun cur leis an tuiscint ar a thábhachtaí atá breoslaí in-athnuaite agus ísealcharbóin. Tá gá le cláir forbartha ardscileanna, lena n-áirítear gairmoiliúint agus tacaíocht d'aistrithe fostaíochta thar shlabhraí luacha iomlána, laistigh de chreat níos leithne chun forbairt scileanna agus aistrithe fostaíochta a éascú, agus chun idirphlé sóisialta ar ardchaighdeán a chothú. Athdhearbhaíonn CESE gur tosaíocht é ardchaighdeáin sláinte agus sábháilteachta a áirithiú d'oibrithe ar fud an tslabhra soláthair, go háirithe le linn próisis agus breoslaí éiceolaíocha nua a ghlacadh.

1.14. Tá CESE á chur chun suntais a ríthábhachtaí a bheidh sé iomaíochas thionscal an Aontais a chaomhnú agus a fheabhsú i bhfianaise na dianiomaíochta domhanda agus tá sé á mholadh go mbeadh sásraí faireacháin agus gealltanais idirnáisiúnta cheangailteacha ann i dtaca leis sin. Chuige sin, beidh beartais, cistiú agus dreasachtaí cánach le cur chun feidhme chun seasamh idirnáisiúnta ghníomhaithe tionsclaíocha an Aontais a chaomhnú, go háirithe i bhfianaise a theoranta atá líon na mbeart aeráide comhchosúil i roinnt mhaith geilleagar lasmuigh den Aontas.

2. **Barúlacha ginearálta**

2.1. Tá sé d'aidhm ag an Aontas Eorpach aeráidneodracht a bhaint amach faoi 2050 agus is léir go bhfuil sé tiomanta don mhuiriompar glas agus don aeriompar glas trí mhórthionscnaimh Eorpacha amhail an Comhaontú Glas don Eoraip, an pacáiste 'Oiriúnach do 55' agus an Gníomh um an Tionscal Glan-nialasachta, arb é is aidhm dóibh astaíochtaí gás ceaptha teasa a laghdú a thuilleadh agus breoslaí níos inbhuanaithe a úsáid sa mhuiriompar agus san aeriompar. Chun rannchuidiú le spriocanna 2050, measann an tionscal scagtha san Aontas go mbeidh infheistíocht idir EUR 400 billiún agus 650 billiún ag teastáil ([1]).

2.2. Seoladh roinnt tionscadal ar fud an Aontais chun breoslaí inbhuanaithe agus ísealcharbóin a tháirgeadh. Is ag luathchéimeanna éagsúla atá siad agus tá CESE á thabhairt dá aire gur bacainní móra ar a bhforbairt iad costais táirgthe níos airde agus an éiginnteacht maidir le hinfhaighteacht breoslaí malartacha atá inbhuanaithe agus gur bacainn é freisin nár laghdaíodh an bhearna praghsanna idir breoslaí iontaise agus breoslaí malartacha atá inbhuanaithe.

([1]) Fuels Europe – Clean fuels for all.

2.3. Tá dhá comhghuaillíocht Eorpacha seolta ag an gCoimisiún Eorpach, atá comhdhéanta de pháirtithe leasmhara lena mbaineann, chun imscrúdú a dhéanamh ar na dúshláin a gcaithfidh an earnáil eitlíochta agus an earnáil mhuirí dul i ngleic leo d'fhonn réitigh fhéideartha a shainaithint. Is iad sin an Chomhghuaillíocht um Eitlíocht Astaíochtaí Nialasacha (AZEA) lena gcumhdaítear an earnáil eitlíochta agus an Chomhghuaillíocht Thionsclaíoch maidir le Slabhra Luacha Breoslaí Inathnuaite agus Ísealcharbóin (RLCF) lena gcumhdaítear an earnáil mhuirí agus an earnáil eitlíochta araon.

3. **An earnáil eitlíochta**

3.1. Measann an Comhlachas Aeriompair Idirnáisiúnta (IATA) go mbeidh 450 billiún lítear de bhreoslaí eitlíochta inbhuanaithe ag teastáil faoi 2050 chun 'aistriú glan-nialasach' a bhaint amach ([2]). Faoin tionscnamh 'ReFuelEU Aviation' leagtar síos na céatadáin de bhreoslaí eitlíochtaí inbhuanaithe ba cheart a bheith in úsáid in aerfoirt an Aontais amach anseo, mar atá, 2 % in 2025, 6 % in 2030, agus méadú de réir a chéile go 70 % faoi 2050. Ina theannta sin, ní mór gur breoslaí sintéiseacha a bheidh in 1,2 % de na breoslaí a bheidh in úsáid idir 2030 agus 2031 ar an meán agus go méadóidh an céatadán sin de réir a chéile go 35 % faoi 2050. D'iarr CESE go mbeadh treochlár réalaíoch agus cuimsitheach ann chun úsáid breoslaí eitlíochta inbhuanaithe a mhéadú de réir a chéile chun cobhsaíocht pleanála a áirithiú do na geallsealbhóirí uile ([3]).

3.2. Is cur chuige fíor-uaillmhianach agus domhanda a theastóidh chun gach gné den earnáil chasta seo a dhícharbónú (dearadh aerárthaí, táirgeadh, bainistiú aerfort, conairí eitilte etc.), léirítear le sonraí gur le linn tiomána a astaítear formhór na ngás ceaptha teasa ([4]). Dá réir sin, beidh innill níos éifeachtúla, a bheidh á gcumhachtú le breoslaí inbhuanaithe, ag teastáil sa ghearrthéarma, agus beidh hidrigin agus leictreachas glan ag teastáil amach anseo.

3.3. Ní bheifear in ann an earnáil eitlíochta a dhícharbónú i ndáiríre mura dtagann na geallsealbhóirí idirnáisiúnta go léir le chéile chun teacht ar chomhaontú maidir le gealltanais uaillmhianacha agus cheangailteacha.

4. **An earnáil mhuirí**

4.1. Tá feidhm ag an tionscnamh 'FuelEU Maritime' maidir le soithí tráchtála a bhfuil olltonnáiste os cionn 5 000 tona acu, gan beann ar a mbratach. Faoin tionscnamh céanna, cuirtear chun cinn úsáid breoslaí in-athnuaite ísealcharbóin agus teicneolaíochtaí fuinnimh ghlain ar longa. Tugtar isteach leis uasteorainneacha a éireoidh níos déine de réir a chéile maidir le meándéine bhliantúil gháis ceaptha teasa (GCT) an fhuinnimh a bhíonn in úsáid ar na longa sin, mar aon le ceanglais bhreise maidir le hastaíochtaí nialasacha i gcás long i mbeart, faoina mbeidh sé éigeantach do longa i gcalafoirt úsáid a bhaint as soláthar cumhachta ar tír nó as teicneolaíochtaí malartacha a bheidh saor ó astaíochtaí.

4.2. Is éard a bheidh an earnáil seo ag díriú air go príomha forbairt a dhéanamh ar chórais tiomána iontaofa, teicneolaíochtaí breosla agus bonneagar soláthair breosla, agus a dtabhairt isteach sa mhargadh ar mhórscála ina dhiaidh sin. Faoi mar atá tugtha le fios ag CESE cheana: 'Ar cheann de na constaicí is mó atá roimh dhícharbónú na hearnála muirí, tá soláthar an bhonneagair nua buncaeireachta a mbeidh gá leis i gcalafoirt ar fud an domhain chun breoslaí malartacha a sholáthar go sábháilte do longa' ([5]).

4.3. Maidir le dícharbónú an mhuiriompair, beidh cur chuige iomlánaíoch agus neodrach ag teastáil ó thaobh na teicneolaíochta de lena ndéanfar na roghanna breosla go léir agus an tionchar oibríochtúil agus sochaíoch lena mbaineann a chur san áireamh go cuí. Mar sin féin, d'fhéadfadh praghas na mbreoslaí malartacha inbhuanaithe, na méideanna suntasacha díobh a bheidh i gceist, ceanglais stórála agus ábhair imní faoina sábháilteacht bac a chur ar a nglacadh sa loingseoireacht. I gcás hidrigine, ní mór aghaidh a thabhairt ar na dúshláin theicneolaíocha sula n-úsáidfear le haghaidh loingseoireacht domhainfharraige í. Buntáiste a bhaineann le breoslaí leachtacha inbhuanaithe is ea go n-úsáideann siad bonneagair breoslaí iontaise atá ann cheana le haghaidh stórála agus iompair.

4.4. Tá geallsealbhóirí muirí na hEorpa ag moladh i gcónaí go gcruthófaí ciste chun leas a bhaint as ioncam CTA AE agus as pionóis faoin tionscnamh 'FuelEU Maritime' chun an loingseoireacht astaíochtaí nialasacha agus breoslaí níos glaine a dhéanamh inmharthana ó thaobh na tráchtála de. D'ainneoin go bhfuil clúdach airgeadais tiomnaithe do chúrsaí muirí faoin gCiste don Nuálaíocht, arna mhaoiniú le hioncam CTA AE, beidh iarrachtaí breise ag teastáil chun dlús a chur le loingseoireacht astaíochtaí nialasacha agus le táirgeadh inbhuanaithe long. Ba cheart an t-ualach riaracháin a íoslaghdú chun é a chur ar a gcumas do FBManna cur isteach ar ghlaonna ón gCiste don Nuálaíocht.

([2]) *IATA 2022 SAF Production Increases 200 % - More Incentives Needed to Reach Net Zero*.
([3]) Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta i dtaca leis an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cothrom iomaíochta a áirithiú le haghaidh aeriompar inbhuanaithe (IO C 105, 4.3.2022, lch. 134).
([4]) Aerospace Research Central – *Considerations for Reducing Aviation's CO_2 with Aircraft Electric Propulsion*.
([5]) Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa i dtaca leis an togra le haghaidh Rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le breoslaí in-athnuaite agus ísealcharbóin a úsáid sa mhuiriompar agus lena leasaítear Treoir 2009/16/CE (IO C 152, 6.4.2022, lch. 145).

5. **Rochtain ar acmhainní**

5.1. Tá béim á leagan ag CESE air go bhféadfadh ganntanas acmhainní bunábhair a bheith ann, acmhainní atá riachtanach don aistriú. Níl ach méid teoranta bithmhaise, dramhaíola, iarmhar, ola cócaireachta úsáidte, saillte ainmhíocha, etc., ar fáil agus úsáidtear iad chun críocha eile freisin. Beidh cur chuige iomlánaíoch agus idirphlé struchtúrtha le tionscail éagsúla (tionscal na talmhaíochta, tionscal na gceimiceán, an tionscal bainistithe dramhaíola, tionscal na hathchúrsála, etc.) ag teastáil chun na slabhraí luacha bunriachtanacha a bhunú.

5.2. Tá CESE á thabhairt dá aire go bhfuil easaontacht i dtorthaí na staidéar maidir le cainníocht na bithmhaise inbhuanaithe atá ar fáil san Eoraip d'earnáil an iompair. Dá bhrí sin, tá amhras air faoi chumas na hEorpa a bheith neamhthuilleamaíoch ina leith sin. Tá sé á aithint aige freisin nár cheart úsáid bithmhaise inbhuanaithe úsáid phríomhúil bunábhar a chur i mbaol ná dul in iomaíocht léi. Ar an gcaoi chéanna, tá CESE ag déanamh imní de chumas na hEorpa soláthar a dhéanamh ar na méideanna breise fuinnimh dhícharbónaithe a bheidh ag teastáil chun breoslaí sintéiseacha a mhonarú. Dá réir sin, ní mór féachaint, mar thosaíocht, ar a riachtanaí atá sé breathnú ar bhunábhar mar ghné straitéiseach den aistriú.

5.3. Beidh tacaíocht phoiblí fhollasach agus creat rialála comhsheasmhach de dhíth ar earnáil na hidrigine chun bheith lániomaíoch sa mhargadh domhanda. Cé go bhfuil straitéisí polaitiúla de chuid an Aontais agus na mBallstát i bhfeidhm cheana chun an acmhainneacht táirgthe hidrigine glaise a leathnú, ní ann do theicneolaíocht inacmhainne, agus ní fios fós cé acu an féidir uas-scálú a dhéanamh laistigh d'amchláir réasúnta agus ar chostais réasúnta. Ina theannta sin, tá ceisteanna fós ann maidir le hinfhaighteacht, costais táirgthe, ceanglais sábháilteachta agus bonneagair.

6. **Cistiú agus infheistíochtaí**

6.1. Cé go dtugann na tionscnaimh 'ReFuelEU Aviation' agus 'FuelEU Maritime' cinnteacht rialála, tugann táirgeoirí breoslaí inbhuanaithe le fios gur deacair iasachtaí bainc a fháil i gcónaí agus go mbíonn drogall ar na cistí caipitil fiontair infheistíocht a dhéanamh sna tionscadail lena mbaineann. Tá CESE ag tathant ar lucht ceaptha beartas an Aontais dreasachtaí breise a thairiscint chun breoslaí ar lú a lorg carbóin a chur á dtáirgeadh láithreach agus fíormhargadh a chruthú dóibh. Ina theannta sin, maidir leis an tacsanomaíocht, tá CESE den tuairim gur cheart a shainiú céard is tionscadal inbhuanaithe ann bunaithe ar ghnéithe comhshaoil, sóisialta agus rialachais chun maoiniú an aistrithe fuinnimh agus na huaillmhéine aeráide a dhaingniú. Ina theannta sin, tá gá le beartais AE agus beartais náisiúnta lena gcothófar infheistíocht phríobháideach agus lena gcuirfear dlús le glacadh breoslaí ísealcharbóin agus inbhuanaithe chun an t-aistriú chuig todhchaí fuinnimh níos inbhuanaithe a éascú.

6.2. Is lagú ar an gcás gnó chun infheistíocht a dhéanamh in acmhainneacht mhonaraíochta le haghaidh bithbhreoslaí agus breoslaí sintéiseacha inbhuanaithe le haghaidh eitlíochta agus cúrsaí muirí nuair atá éiginnteacht ag baint le leithdháileadh na gcomhtháirgí (amhail bith-nafta nó nafta sintéiseach, bithghásailín nó gásailín sintéiseach, bith-ghásola nó gásola shintéiseach). Chun aghaidh a thabhairt ar an dúshlán sin, ní mór, dá bhrí sin, margaí a chruthú le haghaidh na mbithbhreoslaí agus na mbreoslaí sintéiseacha go léir a tháirgtear.

6.3. Tá an iliomad sásraí cistiúcháin bunaithe ag an Aontas, lena n-áirítear na sásraí sin lena n-éascaítear éiceachóras hidrigine glaise a fhorbairt, (e.g. an Banc Hidrigine a tugadh isteach le déanaí ([6])). Mar sin féin, i gcás dheontais agus fhóirdheontais an Aontais, is fánach an bhéim a leagtar ar ghné shonrach na heitlíochta agus na gcúrsaí muirí, lena n-áirítear le haghaidh bonneagar breoslaí ísealcharbóin agus in-athnuaite.

6.4. Is sásra éifeachtach iad conarthaí difríochtaí chun infheistíochtaí a dhreasú i dteicneolaíochtaí nach bhfuil iomaíoch faoi láthair ó thaobh costais táirgthe de, mar go ndéantar na táirgeoirí is éifeachtúla a roghnú trí cheant droim ar ais, agus nach ndéantar breoslaí a fhóirdheonú ina dhiaidh sin ach suas go dtí an praghas réamhchinntithe. Tacaíonn CESE lena dtabhairt isteach agus measann sé go gcuideoidh siad le praghsanna a chobhsú agus cinnteacht a chur ar fáil d'infheisteoirí, rud a thacóidh le fás mhargadh na mbreoslaí inbhuanaithe.

6.5. Beidh rioscaí teicneolaíocha agus tráchtála ag baint le hinfheistíocht a dhéanamh i saoráidí táirgthe ceannródaíocha, rud a fhágfaidh go mbeidh costais mhaoiniúcháin ann do sholáthraithe breosla. Dá bhrí sin, ba cheart cineálacha éagsúla cúnaimh airgeadais phoiblí a úsáid chun na rioscaí sin a mhaolú, lena n-áirítear cúnamh airgeadais ó chistí infheistíochta poiblí Eorpacha, ó acmhainní rialtais agus ó bhainc forbartha réigiúnaí. Ina theannta sin, ba cheart muinín a bheith ag na ceannródaithe as am aisíoca a gcuid infheistíochtaí agus gur féidir leo brath ar dheimhneacht dhlíthiúil agus tairbhe a bhaint as creatchoinníollacha lena mbaintear an riosca d'infheistíochtaí agus, ar an dóigh sin, lena spreagtar iad.

6.6. Chun a áirithiú go nglacfar le breoslaí ísealcharbóin agus in-athnuaite ar scála níos mó agus ar bhonn níos tapa, tá CESE á éileamh gur cheart an cánachas a bheith i gcomhréir le tionchar gach breosla ar leith ar an aeráid. Tacaíonn sé le togra uile-Eorpach le haghaidh sásra láidir dreasachtaí bunaithe ar chánachas an-íseal nó nialasach ar bhreoslaí ísealcharbóin chun praghsáil breosla a bheidh inghlactha go sóisialta a éascú agus infheistíochtaí i mbreoslaí inbhuanaithe a spreagadh freisin.

([6]) An Banc Eorpach Hidrigine.

7. **Taighde agus Forbairt (T&F)**

7.1. Beidh iarrachtaí breise T&F ag teastáil chun costais ardteicneolaíochtaí ísealcharbóin agus in-athnuaite a laghdú agus chun tráchtálú na dteicneolaíochtaí sin a éascú. Chun breoslaí inbhuanaithe a tháirgeadh, is gá bonneagar tionsclaíoch ar ardleibhéal a fhorbairt, lena n-áirítear teicneolaíochtaí amhail leictrealú ardteochta agus teicneolaíochtaí gabhála carbóin. Sa ghearrthéarma, beidh treochlár soiléir ag teastáil maidir le hathrú a dhéanamh ar an tionscal, lena n-áirítear comhtháthú na hidrigine, méadú suntasach ar tháirgeadh na mbithbhreoslaí agus leathnú ar tháirgeadh na mbreoslaí sintéiseacha.

7.2. Ní mór glacadh na mbreoslaí inbhuanaithe a bheith bunaithe ar shásraí dreasachta agus tacaíochta a chur chun feidhme, ar chreat rialála comhleanúnach a bhunú ar an leibhéal Eorpach agus ar an leibhéal idirnáisiúnta araon chun margadh inmharthana agus éifeachtúil a chothú, agus ar phleanáil fhadtéarmach le haghaidh breoslaí ísealcharbóin agus in-athnuaite, lena n-áirítear táirgeadh leictreachais ó bhithmhais agus táirgeadh leictreachais ísealcharbóin. Ba cheart straitéis thiomnaithe maidir leis an aistriú breosla a chur chun feidhme san fhadtéarma, lena gcuimseofar comhpháirteanna uile an tslabhra soláthair: bunábhair (bithmhais inbhuanaithe, dramhaíl, leictreachas in-athnuaite agus CO_2 athchúrsáilte), lóistíocht maidir le bunábhair a bhailiú agus a iompar chuig gléasraí monaraíochta, agus saoráidí táirgthe. Dá ndéanfaí scaglanna atá ann cheana a thiontú agus gléasraí tiomnaithe nua a shuiteáil, chosnófaí acmhainn an Aontais freastal ar éilimh.

7.3. Tá CESE ag iarraidh ar an gCoimisiún Eorpach gealltanas a thabhairt go ndéanfar cistiú fadtéarmach leordhóthanach Eorpach a chur ar fáil don taighde agus don fhorbairt a bhaineann le teicneolaíochtaí nua, lena n-áirítear tríd an gclár Fís Eorpach, tríd an gCiste don Nuálaíocht, trí InvestEU agus go leathnófar na comhpháirtíochtaí earnála atá ann cheana sna hearnálacha eitlíochta agus muirí. D'fhéadfadh forbairtí ceannródaíocha sa teicneolaíocht cuidiú leis na costais a laghdú agus iomaíochas na mbreoslaí in-athnuaite a mhéadú. Áitíonn CESE go mbeadh coinníollacht shóisialta ag baint leis an gcistiú poiblí go léir chun a áirithiú go mbainfear úsáid fhreagrach as airgead cháiníocóirí an Aontais.

8. **Gnéithe sóisialta agus an tAistriú Cóir**

8.1. D'fhéadfaí cur leis an sceipteachas i measc na bpobal áitiúil mar thoradh ar na méideanna móra leictreachais, bithmhaise agus uisce a bhíonn ag teastáil chun breoslaí sintéiseacha a tháirgeadh. Chun a áirithiú go nglacfaidh an pobal leo, is den riachtanas na comhpháirtithe sóisialta agus an tsochaí shibhialta a bheith rannpháirteach go forleathan trí idirphlé eolasach oscailte agus trédhearcach. Ar an gcaoi sin, is féidir moilleanna, débhríocht dhlíthiúil agus speansais a d'fhéadfadh a bheith ann a sheachaint agus inghlacthacht shóisialta a áirithiú i gcás tionscadail breoslaí inbhuanaithe.

8.2. Éilíonn CESE go mbeidh tionscnaimh feasachta agus oideachais ann ar an leibhéal réigiúnach, ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais chun tuiscint níos doimhne a chothú ar an ngá le breoslaí in-athnuaite agus ísealcharbóin, ar na teicneolaíochtaí a bheidh ag teacht chun cinn agus na buntáistí a bheidh acu don inbhuanaitheacht áitiúil agus don iomaíochas amach anseo. Cruthófar poist nua, agus poist ghlasa ar ardcháilíocht ba cheart a bheith i gceist, agus feictear do CESE go mbeidh cláir forbartha ardscileanna ag teastáil thar an slabhra soláthair, lena n-áirítear cláir chasta ghairmoiliúna agus tacaíocht d'aistrithe ó phost go post a bhainfidh leis an nglúin óg freisin.

8.3. San fhadtéarma, meastar mar thoradh ar an gceanglas úsáid a bhaint as breoslaí eitlíochta inbhuanaithe de réir a chéile go mbeidh costais ann d'aerlínte, rud a fhágfaidh gur mó na costais a bheidh ann do phaisinéirí agus do lastóirí aerlastais. Tá aird á tarraingt ag CESE ar an tionchar sóisialta a bheidh i gceist leis sin, sin agus an tionchar féideartha ar iomaíochas thionscal na hEorpa, go háirithe sna cásanna sin nach mbeidh d'oibleagáid ar iomaitheoirí idirnáisiúnta bearta comhchosúla a chomhlíonadh. Ina theannta sin, agus beartais eitlíochta á gceapadh, tá sé ríthábhachtach cuimhneamh air gur lú an nascacht leis an margadh aonair sna oileáin Eorpacha, i gcríocha iargúlta agus sna mBallstát a bhíonn ag brath go hiomlán ar naisc aeir agus/nó mhuirí.

8.4. Agus aistriú glas earnálacha eitlíochta agus muirí na hEorpa á mheas, tá sé ríthábhachtach a áirithiú go ndéanfar é a bhainistiú ar bhealach a bheidh cothrom ó thaobh na sochaí de. Ní mór aistriú éiceolaíoch cóir a ráthú chun nach bhfágfar réigiúin, cuideachtaí agus oibrithe ar lár, trína fhoráil d'fhorbairt scileanna leordhóthanacha nó d'uasghrádú scileanna, agus d'aistrithe ó phost go post i gcás inar gá. Rud bunriachtanach is ea an t-idirphlé sóisialta ar ardchaighdeán ar an leibhéal réigiúnach, ar an leibhéal náisiúnta agus ar leibhéal an Aontais.

8.5. Athdhearbhaíonn CESE nach mór ardchaighdeáin sláinte agus sábháilteachta a ráthú do na hoibrithe go léir ar fud an tslabhra soláthair agus ag gach céim d'oibriú aerárthaí nó soithí, go háirithe le linn próisis nua éiceolaíocha nó dhigiteacha a thabhairt isteach agus breoslaí nua a úsáid.

9. **Iomaíochas thionscal na hEorpa**

9.1. Cuireann CESE i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé go mbeidh tionscal an Aontais iomaíoch i gcónaí agus go gcuirfear borradh faoi. Ní mór tacaíocht a thabhairt don chlaochlú inbhuanaithe a bhfuiltear ag dréim leis san earnáil mhuirí agus san earnáil eitlíochta le beartais, cistiú, saoráidí cánach, etc., chun gníomhaithe tionsclaíocha a choinneáil ar ardleibhéal iomaíochta ar an leibhéal hidirnáisiúnta, go háirithe ós rud é go bhfuil bearta suntasacha aeráide fós le cur chun feidhme ag formhór na ngeilleagar lasmuigh den Aontas. Chun rathúnas agus fostaíocht ardcháilíochta a áirithiú, beidh ríthábhacht le bonn láidir tionsclaíoch san Aontas i gcónaí, le tacaíocht ó straitéisí, beartais, cistiú agus reachtaíocht earnála.

9.2. Tugann CESE le fios go mbeidh bearta breise le déanamh chun cothrom iomaíochta domhanda a áirithiú. Ba cheart faireachán a dhéanamh chun a áirithiú go mbeidh na rialacha á leanúint ag na gníomhaithe idirnáisiúnta go léir, mar shampla maidir le forlíonadh na n-umar breosla i gcás na n-aerlínte. Molann CESE don Choimisiún Eorpach agus do na Ballstáit a éileamh ar na Ballstáit go léir san Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta agus san Eagraíocht Mhuirí Idirnáisiúnta gealltanais cheangailteacha idirnáisiúnta a thabhairt maidir leis an dícharbónú.

9.3. Ní mór dreasachtaí a chur i bhfeidhm freisin le haghaidh athnuachan na gcabhlach chun an t-éileamh intíre agus iarfheistiú na gcabhlach a spreagadh, rud a rachadh chun tairbhe do chuideachtaí agus d'oibrithe muirí agus aerpáis na hEorpa. Maidir leis an earnáil mhuirí, d'iarr CESE le déanaí go mbeadh straitéis thionsclaíoch mhuirí ann, lena n-áirítear 'bearta práinneacha le spreagadh a thabhairt don éileamh intíre ar shoithí glasa ardteicneolaíochta, lena n-áirítear clár de chuid an Aontais maidir le hathnuachan cabhlaigh agus iarfheistiú soithí arb ann dóibh cheana... agus Ciste Muirí tiomnaithe AE a chur ar bun' ([7]). Tá sé á éileamh ag CESE go ndéanfaí iarrachtaí feabhsaithe chun sciar na long a chláraítear faoi bhratacha an Aontais a mhéadú.

An Bhruiséil, 10 Iúil 2024.

Uachtarán
Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa
Oliver RÖPKE

([7]) Tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa – Straitéis tionsclaíochta d'earnáil na teicneolaíochta muirí (tuairim féintionscnaimh) (IO C 100, 16.3.2023, lch. 31).